



Na Scileanna Traschuraclaim a Mheasúnú



Curaclam  
Thuaisceart Éireann

**Leibhéal de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte**  
sa Chumarsáid trasna an Churaclaim  
sna Gaelscoileanna:  
Eochairchéim 3 (Leibhéal 1-7)

# Léitheoireacht

(Treoir Neamhrechtúil)

Leagan Gréasáin



## Léitheoireacht Eochairchéim 3 (Leibhéal 1-7)

### Aidhm na Cáipéise seo

Tá an treoir seo a leanas ann le tacú le múinteoirí agus iad ag déanamh measúnú ar dhaltaí de réir na Leibhéil de Dhul Chun Cinn don Chumarsáid.

Tugann an treoir seo míniú agus eiseamláiriú níos mine ar na critéir a bhaineann leis na Leibhéil de Dhul Chun Cinn. Is ar mhaithe le cúrsaí léiriúcháin amháin atá na samplaí ann. Léiríonn siad roinnt dóigheanna ina dtig le daltaí cumas a léiriú ag leibhéal ar leith.

# Leibhéal de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte

## Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in:

### Léitheoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

Leibhéal 1	
<ul style="list-style-type: none"> <li>• réimse de théacsanna* a léamh ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>tuiscint ar an bhrí a bhaineann le cló, pictiúir agus íomhánna a léiriú;</b> Tá a fhios ag daltaí gur féidir ciall a bhaint as pictiúir, íomhánna agus téacsanna*. Tuigeann siad teachtaireachtaí a chuirtear in iúl le focail, le frásaí agus le habairtí simplí.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• réimse de straitéisí a úsáid le léamh le neamhspleáchas atá ag méadú;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>fuaimeanna agus siollaí a aithint i bhfocail;</b> Tig le daltaí siollaí a shainaithint i bhfocail agus tig leo iad a dheighilt agus a chumasc. Tig leo, mar shampla, na siollaí i bhfocail a bhualadh amach.</li> <li>• <b>a thuiscint go léirítear fuaimeanna le litreacha;</b> Tuigeann daltaí an gaol idir litreacha agus na fuaimeanna a léiríonn siad.</li> <li>• <b>straitéisí léitheoireachta a úsáid;</b> Tig le daltaí réamheolas agus pictiúir a úsáid le ciall a bhaint as téacs*, comhthéacs agus comhréir a úsáid le tuartha a dhéanamh faoi fhocail, agus an chomhfhreagairt idir fuaimeanna agus siombailí a úsáid.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>focail, comharthaí agus siombailí coitianta áirithe a aithint sa timpeallacht;</b></li> <li>• <b>leideanna amhairc a úsáid le faisnéis a aimsiú;</b> Tig le daltaí lipéid nó pictiúir a úsáid le háiseanna nó faisnéis a aimsiú.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna* a thuiscint agus a fhiosrú;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>teanga atá ar eolas a bhaineann le téacsanna* a úsáid;</b> Tig le daltaí labhairt ar théacsanna agus focail amhail 'teideal', 'clúdach', 'leathanaigh', agus 'údar/scribhneoir' in úsáid acu.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• fianaise ó théacsanna* a úsáid le barúlacha a mhíniú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>ceisteanna a fhreagairt agus labhairt ar a bhfuil léite acu.</b> Tig le daltaí labhairt leis an mhúinteoir faoina bhfuil léite acu agus a dtuiscint a léiriú trí ghníomhaíochtaí amhail plé simplí nó rólghlacadh, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus stór focal nuair is gá.</li> </ul>

\* Nóta ar théacsanna: Tagraíonn téacsanna do smaointe a chuirtear in eagar le teachtaireacht a chur in iúl agus a chur i láthair i bhfoirmeacha scríofa, labhartha, amhairc, digiteacha agus siombalacha.

\*\* Nóta ar aistriú: De réir a gcumas teanga.

Leibhéal 2	Leibhéal 3
<p>I réimse de théacsanna* gairide simplí, ag léamh os ard agus go ciúin, tig le daltaí:</p>	<p>I réimse de théacsanna* atá ag éirí níos faide, le haghaidh cuspóirí éagsúla, ag léamh os ard agus go ciúin, tig le daltaí:</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>imeachtaí agus faisnéis a thuiscint, a athinsint agus seicheamh a dhéanamh dá réir;</b> Tig le daltaí imeachtaí agus faisnéis a thuiscint, a athinsint agus seicheamh a dhéanamh de réir a gcumas teanga.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>príomhphointí agus faisnéis a thuiscint agus seicheamh a dhéanamh dá réir;</b></li> <li>• <b>athinsint ina bhfocail féin le cruinneas ginearálta;</b> Tig le daltaí a dtuiscint ar na príomhphointí i dtéacs* a chur in iúl, mar shampla, trína gcur in ord, trína gcur in iúl ina gcuid focal féin nó trí fhaisnéis ábhartha a aistriú**.</li> <li>• <b>tuiscint níos leithne ar theanga agus ar stór focal a léiriú;</b></li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>réimse de straitéisí léitheoireachta a úsáid;</b> Tig le daltaí réimse de straitéisí a úsáid agus iad ag léamh téacsanna* faoi threoir agus go neamhspleách.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>straitéisí léitheoireachta a roghnú agus a úsáid go neamhspleách;</b> Tig le daltaí straitéisí cuí a úsáid, ar nós leideanna comhthéacs, mar shampla, le cuidiú leo ciall a bhaint as focail nach n-aithníonn siad.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>faisnéis a roghnú le ceisteanna a fhreagairt;</b> Tig le daltaí ábhair chúí a roghnú leis an fhaisnéis atá de dhíth orthu a aimsiú.</li> <li>• <b>eolas bunúsach ar an aibítir a úsáid agus leideanna amhairc a úsáid le faisnéis a aimsiú;</b> In ábhar tagartha simplí, ina bhfuil na míreanna eagraithe in ord aibítire, tig le daltaí an chéad litir a úsáid le faisnéis a aimsiú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>gnéithe eagrúcháin a úsáid, ord aibítire san áireamh, le faisnéis a aimsiú agus a fháil;</b> Úsáideann daltaí gnéithe struchtúrtha de théacsanna*, mar atá, ábhar, innéacs, leathanach baile agus gluais, agus an t-eolas atá acu ar an chóras tagartha i leabharlanna, le faisnéis a aimsiú.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>roinnt foirmeacha agus gnéithe de théacs* a aithint;</b> Tig le daltaí gnéithe de théacsanna* éagsúla a aithint. I dtéacs* neamhfhicsin, mar shampla, bíonn focail agus léaráidí ann a chuireann faisnéis fhíorasach in iúl, agus bíonn focail in ord aibítire i bhfoclóir.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>a thuiscint go bhfuil foirmeacha agus gnéithe difriúla de théacs* ann;</b> Tuigeann daltaí go mbaineann gnéithe ar leith le cineálacha éagsúla téacsanna*, go mbíonn ceannlínte, colúin agus teidil, mar shampla, in alt nuachtáin, agus go mbíonn ábhar agus leathanaigh innéacs i leabhar tagartha.</li> <li>• <b>faisnéis ón téacs* a úsáid le tátail a bhaint;</b> Tig le daltaí tátail a bhaint as téacs, tugann siad faoi deara rudaí áirithe nach ndéanann an t-údar/scribhneoir tagairt dhíreach dóibh.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>ceisteanna a chur le soiléiriú a iarraidh;</b></li> <li>• <b>barúlacha a chur in iúl agus tuartha a dhéanamh.</b> Léiríonn daltaí go dtuigeann siad a bhfuil léite acu trína mbarúlacha air a chur in iúl agus trí thuar a dhéanamh ar an chéad rud eile a tharlóidh.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>ceisteanna a chur agus a fhreagairt le tuiscint a leathnú;</b></li> <li>• <b>barúlacha a chur in iúl agus fáthanna a thabhairt.</b> Cuireann daltaí barúil in iúl ar a bhfuil léite acu agus tugann siad fáthanna.</li> </ul>

# Leibhéal de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte

## Léitheoireacht Leibhéal 1-7

### Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in:

### Léitheoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

Leibhéal 3	
	I réimse de théacsanna* atá ag éirí níos faide, le haghaidh cuspóirí éagsúla, ag léamh os ard agus go ciúin, tig le daltaí:
<ul style="list-style-type: none"> <li>réimse de théacsanna* a léamh ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>príomhphointí agus faisnéis a thuiscint agus seicheamh a dhéanamh dá réir;</li> <li>athinsint ina bhfocail féin le cruinneas ginearálta; Tig le daltaí a dtuiscint ar na príomhphointí i dtéacs* a chur in iúl, mar shampla, trína gcur in ord, trína gcur in iúl ina gcuid focal féin nó trí fhaisnéis ábhartha a aistriú**.</li> <li>tuiscint níos leithne ar theanga agus ar stór focal a léiriú;</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>réimse de straitéisí a úsáid le léamh le neamhspleáchas atá ag méadú;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>straitéisí léitheoireachta a roghnú agus a úsáid go neamhspleách; Tig le daltaí straitéisí cuí a úsáid, ar nós leideanna comhthéacs, mar shampla, le cuidiú leo ciall a bhaint as focail nach n-aithníonn siad.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>gnéithe eagrúcháin a úsáid, ord aibítre san áireamh, le faisnéis a aimsiú agus a fháil; Úsáideann daltaí gnéithe struchtúrtha de théacsanna*, mar atá, ábhar, innéacs, leathanach baile agus gluais, agus an t-eolas atá acu ar an chóras tagartha i leabharlanna, le faisnéis a aimsiú.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna* a thuiscint agus a fhiosrú;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>a thuiscint go bhfuil foirmeacha agus gnéithe difriúla de théacs* ann; Tuigeann daltaí go mbaineann gnéithe ar leith le cineálacha éagsúla téacsanna*, go mbíonn ceannlínte, colúin agus teidil, mar shampla, in alt nuachtáin, agus go mbíonn ábhar agus leathanaigh innéacs i leabhar tagartha.</li> <li>faisnéis ón téacs* a úsáid le tátail a bhaint; Tig le daltaí tátail a bhaint as téacs, tugann siad faoi deara rudaí áirithe nach ndéanann an t-údar/scribhneoir tagairt dhíreach dóibh.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>fianaise ó théacsanna* a úsáid le barúlacha a mhíniú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>ceisteanna a chur agus a fhreagairt le tuiscint a leathnú;</li> <li>barúlacha a chur in iúl agus fáthanna a thabhairt. Cuireann daltaí barúil in iúl ar a bhfuil léite acu agus tugann siad fáthanna.</li> </ul>

\* Nóta ar théacsanna: Tagraíonn téacsanna do smaointe a chuirtear in eagar le teachtaireacht a chur in iúl agus a chur i láthair i bhfoirmeacha scríofa, labhartha, amhairc, digiteacha agus siombalacha.

\*\* Nóta ar aistriú: De réir a gcumas teanga.

Leibhéal 4	Leibhéal 5
<p>I réimse de théacsanna* d'fhaid dhifriúla le haghaidh cuspóirí éagsúla, tig le daltaí:</p>	<p>I réimse de théacsanna* d'fhaid dhifriúla le haghaidh cuspóirí éagsúla, agus spriocghrúpaí níos leithne san áireamh, tig le daltaí:</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>tuiscint, a léiriú trí eolas a shainaitheint agus a achoimriú;</b></li> <li>• <b>athinsint a dhéanamh;</b> Tig le daltaí an príomhtheachtairacht i dtéacs* a aithint trí na pointí tábhachtacha a aithint agus a thabhairt le chéile le mórtheachtairacht an téacs* a chur in iúl ina gcuid focal féin, nó a aistriú**. Tig leo faisnéis a aimsiú, mar shampla, ar na foraoisí trópaiceacha báistí le halt a scríobh d'iris na scoile.</li> <li>• <b>teanga agus stór focal níos saibhre a aithint agus a thuiscint;</b></li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>tuiscint a léiriú trí fhaisnéis, smaointe agus mionsonraí a shainaitheint agus a achoimriú;</b> Tig le daltaí na príomhtheachtairachtaí i dtéacs* a achoimriú nó a aistriú** trí shonraí nó chodanna fóirsteanacha den téacs* a roghnú lena dtuiscint a léiriú, mar shampla, agus iad ag scríobh léirmheasa ar leabhar ar bhain siad sult as nó ag cur faisnéise i láthair ar dhuine spéisiúil.</li> <li>• <b>saibhreas teanga agus stór focal cuí a úsáid;</b></li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>léamh go neamhspleách;</b> Tig le daltaí ábhar léitheoireachta atá fóirsteanach agus ábhartha a roghnú agus a léamh, agus réimse de straitéisí tuisciana a úsáid go neamhspleách le ciall a bhaint as an téacs*.</li> </ul>	
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>faisnéis ábhartha a aimsiú agus í a úsáid mar is cuí;</b> Cuardaíonn daltaí faisnéis ar dhóigh phleanáilte dhírithe, agus iad ag baint úsáid as leabharlann na scoile/acmhainní digiteacha, mar shampla, le taighde a dhéanamh ar ábhar. Socraíonn siad ar cad é atá ábhartha i dtaca leis an topaic de agus úsáideann siad nó aistríonn** siad é ar dhóigh atá fóirsteanach don chuspóir.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>faisnéis a roghnú agus a bhainistiú ó réimse d'fhoinsí;</b> Tig le daltaí faisnéis a chuardach agus a aimsiú ó réimse d'fhoinsí éagsúla le haghaidh cuspóir ar leith. Tig leo an fhaisnéis a eagrú agus í a úsáid nó a aistriú ** de réir mar is cuí. Tig leo, mar shampla, faisnéis a fháil ar bholcáin ó roinnt foinsí le cur i láthair faisnéiseach a dhéanamh dá gcomhdhaltaí.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>príomhghnéithe a aithint agus an bhaint atá acu le foirm agus cuspóir a thuiscint;</b> Sainaitheint daltaí an teanga, an cuspóir, na gnéithe agus an struchtúr atá i gceist le foirm ar leith téacs, mar shampla, agus iad ag amharc ar an tionchar atá ag teanga agus ag leagan amach póstaer.</li> <li>• <b>léirbhríonna a thuiscint agus roinnt bríonna intuigthe a aithint;</b> Tig le daltaí teachtaireacht chaolchúiseach a aithint, i bhfinscéal, mar shampla, nó i bhfáthscéal srl.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>cur síos ar theanga, struchtúr agus cur i láthair;</b> Tig le daltaí trácht go cuí ar a bhfuil scríofa agus ar an dóigh ar scríobhadh agus ar cuireadh le chéile é. Tig leo naisc a dhéanamh idir foirm, spriocghrúpa agus cuspóir, mar shampla, agus iad ag trácht ar fhógra le haghaidh guthán póca.</li> <li>• <b>roinnt bríonna intuigthe agus meonta a thuiscint;</b> Tig le daltaí fo-théacs a shainaitheint agus a mhíniú. Tig leo trácht ar dhearcadh an scríbhneora ar a (h)ábhar chomh maith. Tig leo, mar shampla, léirmheas a dhéanamh ar scannán, agus plé a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn an stiúrthóir ag iarraidh tionchar a imirt ar an lucht féachana le hionbhá a chothú do charachtar ar leith.</li> <li>• <b>idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus barúil;</b> Tig le daltaí fíric agus barúil a shainaitheint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu i dtéacs* ar leith, amhail bróisiúr taistil.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>barúlacha ar a bhfuil léite acu a mhíniú.</b> Cuireann daltaí barúlacha in iúl go soiléir agus tugann siad fáthanna a bhfuil machnamh déanta acu orthu.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>tagairt a dhéanamh do théacs* le barúlacha a mhíniú agus conclúid a bhaint;</b> Agus iad ag léamh téacs*, tig le daltaí tagairt a dhéanamh do chodanna ar leith agus do chodanna ábhartha den téacs* le tacú lena gcuid barúlacha.</li> </ul>

# Leibhéal de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte

## Léitheoireacht Leibhéal 1-7

### Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in:

### Léitheoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

Leibhéal 5	
	<b>I réimse de théacsanna* d'fhaid dhifriúla le haghaidh cuspóirí éagsúla, agus spriocghrúpaí níos leithne san áireamh, tig le daltaí:</b>
<ul style="list-style-type: none"> <li>réimse de théacsanna* a léamh ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li><b>tuiscint a léiriú trí fhaisnéis, smaointe agus mionsonraí a shainaithint agus a achoimriú;</b> Tig le daltaí na príomhtheachtaireachtaí i dtéacs* a achoimriú nó a aistriú** trí shonraí nó chodanna fóirsteanacha den téacs* a roghnú lena dtuiscint a léiriú, mar shampla, agus iad ag scríobh léirmheasa ar leabhar ar bhain siad sult as nó ag cur faisnéise i láthair ar dhuine spéisiúil.</li> <li><b>saibhreas teanga agus stór focal cuí a úsáid;</b></li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>réimse de straitéisí a úsáid le léamh le neamhspleáchas atá ag méadú;</li> </ul>	
<ul style="list-style-type: none"> <li>faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li><b>faisnéis a roghnú agus a bhainistiú ó réimse d'fhoinsí;</b> Tig le daltaí faisnéis a chuardach agus a aimsiú ó réimse d'fhoinsí éagsúla le haghaidh cuspóir ar leith. Tig leo an fhaisnéis a eagrú agus í a úsáid nó a aistriú** de réir mar is cuí. Tig leo, mar shampla, faisnéis a fháil ar bholcáin ó roinnt foinsí le cur i láthair faisnéiseach a dhéanamh dá gcomhdhaltaí.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna* a thuiscint agus a fhiosrú;</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li><b>cur síos ar theanga, struchtúr agus cur i láthair;</b> Tig le daltaí trácht go cuí ar a bhfuil scríofa agus ar an dóigh ar scríobhadh agus ar cuireadh le chéile é. Tig leo naisc a dhéanamh idir foirm, spriocghrúpa agus cuspóir, mar shampla, agus iad ag trácht ar fhógra le haghaidh guthán póca.</li> <li><b>roinnt bríonna intuigthe agus meonta a thuiscint;</b> Tig le daltaí fo-théacs a shainaithint agus a mhíniú. Tig leo trácht ar dhearcadh an scríbhneora ar a (h)ábhar chomh maith. Tig leo, mar shampla, léirmheas a dhéanamh ar scannán, agus plé a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn an stiúrthóir ag iarraidh tionchar a imirt ar an lucht féachana le hionbhá a chothú do charachtar ar leith.</li> <li><b>idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus barúil;</b> Tig le daltaí fíric agus barúil a shainaithint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu i dtéacs* ar leith, amhail bróisiúr taistil.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>fianaise ó théacsanna* a úsáid le barúlacha a mhíniú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li><b>tagairt a dhéanamh do théacs* le barúlacha a mhíniú agus conclúid a bhaint;</b> Agus iad ag léamh téacs*, tig le daltaí tagairt a dhéanamh do chodanna ar leith agus do chodanna ábhartha den téacs* le tacú lena a gcuid barúlacha.</li> </ul>

Leibhéal 6	Leibhéal 7
<p>I réimse de théacsanna* casta, agus spriocghrúpaí níos leithne san áireamh, tig le daltaí:</p>	<p>Trasna réimse d'fhoinsí casta, agus spriocghrúpaí níos leithne san áireamh, tig le daltaí:</p>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>an dóigh a n-eagraítear agus a bhforbraítear príomhphointí, mionsonraí nó idéanna a shainaithint;</b> Tig le daltaí mionsonraí an téacs* a scrúdú lena léiriú go bhfuil tuiscint dhírithé acu ar a bhfuil léite acu agus ar an dóigh ar cuireadh an teachtaireacht in iúl, mar shampla, agus iad ag déanamh anailíse ar an dóigh a bhfiosraíonn stiúrthóir téama i scannán.</li> <li>• <b>saibhreas teanga agus scileanna aistriúcháin a úsáid;</b></li> </ul>	
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>léamh go criticiúil le comparáid a dhéanamh idir faisnéis ó réimse d'fhoinsí;</b> Tig le daltaí faisnéis ó réimse d'fhoinsí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht. Tig leo ceisteanna a chur le cáilíocht na faisnéise a dhearbhu, mar shampla, agus bailíocht agus iontaofacht ábhar foinse stairiúil ar an Reifirmísean á bplé acu.</li> <li>• <b>faisnéis a luacháil agus a oiriúnú;</b> Léann daltaí réimse d'faisnéis lena úsáideacht agus lena oiriúnacht a mheas. Tig leo an fhaisnéis a chur in oiriúint don spriocghrúpa agus don chuspóir, agus iad ag scríobh alt nuachtáin ar Martin Luther, mar shampla, agus ag baint úsáid as faisnéis ábhartha ó fhoinsí príomhúla stairiúla.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>idirdhealú a dhéanamh idir na foinsí éagsúla, ag aithint a n-ábharthachta;</b> Tig le daltaí láidreachtaí agus laigí na faisnéise a mheas le torthaí agus barúlacha a bhailíochtú. Tig leo faisnéis ábhartha iontaofa a roghnú go neamhspleách, mar shampla, agus iad ag baint úsáid as inneall cuardaigh.</li> <li>• <b>faisnéis a shintéisiú ó réimse d'fhoinsí;</b> Tig le daltaí réimse d'fhoinsí a léamh, mar atá ailt dialainne, téacsleabhair, úrscéalta, scannáin nó suíomhanna gréasáin, le peirspictíochtaí éagsúla a thabhairt le chéile. Tig leo iad seo a nascadh le riar ar spriocghrúpa agus ar chuspóir ar leith, agus iad ag scríobh ailt le haghaidh iris eolaíochta na scoile, mar shampla.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>éifeachtaí teanga, struchtúir agus cur i láthair a mhíniú;</b> Tig le daltaí teicníc éagsúla a bhíonn in úsáid ag scríbhneoirí le dul i bhfeidhm ar an spriocghrúpa a shainaithint agus trácht orthu agus iad ag déanamh anailíse, mar shampla, ar óráid Martin Luther King 'I Have a Dream' agus ag díriú ar úsáid gléasanna reitriche ann.</li> <li>• <b>intinní údair a shainaithint;</b> Tig le daltaí spriocghrúpa agus cuspóir beartaithe an údair a shainaithint agus trácht éigin a dhéanamh orthu, agus iad ag déanamh anailíse ar dhán, mar shampla, tig leo trácht ar bhrí bheartaithe an fhíle.</li> <li>• <b>dearcthaí, línte réasúnaíochta agus claontacht a aimsiú;</b> Tig le daltaí argóint a aimsiú agus a leanúint. Aithníonn siad nuair a bhíonn scríbhneoir ag iarraidh dul i bhfeidhm ar an léitheoir ar bhealach claonta d'aonturas. Tig leo trácht ar chuid de na dóigheanna ina ndéanann scríbhneoirí a leithéid, mar shampla, agus iad ag plé na gcúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an chlaontacht i gcartúin pholaitiúla éagsúla.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>éifeachtaí teanga, struchtúr agus cur i láthair a mhíniú go cruinn;</b> Tig le daltaí teicníc scríbhneora a anailísiú agus a dtuiscint ar an teicníc a léiriú. Tig leo trácht go mion ar éifeachtaí beartaithe na teicníc ar an spriocghrúpa, mar shampla, agus iad ag déanamh anailíse ar an dóigh ar úsáideadh teanga áititheach, teicníc agus íomhánna i mbileog carthanachta.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>go leor fianaise cuí a úsáid lena n-idéanna agus lena mbarúlacha a chosaint.</b> Tig le daltaí na mionsonraí is éifeachtaí a roghnú ón téacs* lena mbarúlacha nó lena dtáil a chosaint. B'fhéidir go ndéanfadh siad seo trí achoimre a dhéanamh nó trí shliocht as téacs a thabhairt, mar shampla, úsáid a bhaint as sliocht as téacs agus iad ag déanamh anailíse ar charachtar.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>barúlacha a fhorbairt agus a leathnú, de réir fianaise atá bunaithe ar fhaisnéis agus a roghnaíodh go maith.</b> Tig le daltaí a léiriú go bhfuil tuiscint mhaith acu ar an téacs* trí fhianaise a roghnú go cúramach le tacú leis na táil a bhain siad as.</li> </ul>



# Leibhéal de Dhul Chun Cinn: Ráitis Shínte

## Sainmhíniú ar théarmaí

### Léirbhrí

Smaointe agus faisnéis a chuirtear in iúl go beacht soiléir agus a fhágann nach féidir aon tátal a bhaint.

### Brí intuigthe

Teachtaireacht chaolchúiseach taobh istigh de théacs a fhágann go gcaithfear tátal a bhaint, i bhfinscéal, mar shampla, nó i bhfáthscéal.

### Seánra

Cineál téacs, a dhéantar a rangú de réir gnéithe ar leith teanga, Insint, mar shampla, nó Tuairisc.

### Foirm

Téacs taobh istigh de sheánra atá struchtúrtha ar dhóigh a oireann don aidhm mholta agus don spriocghrúpa, cárta poist nó dialann mar shampla, taobh istigh den seánra Athinsint; oideas nó sraith treoracha taobh istigh den seánra Modh Oibre.

Foilseachán de chuid CCEA © 2012



**COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT**  
☎ +44 (0)28 9026 1200 ☎ +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG  
✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

*Rewarding Learning*